



2024/2830

5.11.2024

CINNEADH (AE) 2024/2830 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 29 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/911 maidir le téarmaí agus coinníollacha TARGET-BCE (BCE/2022/22) (BCE/2024/30)

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1 agus Airteagail 17, 22 agus 23 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ghlac an Chomhairle Rialaithe Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) ⁽¹⁾ an 16 Aibreán 2024 mar ghníomh dlí aonair ina bhfuil forálacha maidir le híocaíocht taiscí beartais neamhairgeadaíochta chun trédhearcacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú. Cuimsítear le taiscí beartais neamhairgeadaíochta freisin taiscí áirithe a thagann faoi raon feidhme Threoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8) ⁽²⁾ agus Cinneadh (AE) 2022/911 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/22) ⁽³⁾.
- (2) An 30 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Rialaithe Treoirlíne (AE) 2024/2616 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/20) ⁽⁴⁾, lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) trí, inter alia, thagairtí d'fhorálacha ábhartha Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) a chur in ionad forálacha áirithe maidir le luach saothair a leagtar amach sa Treoirlíne sin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí d'fhorálacha ábhartha Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) freisin a chur in ionad forálacha áirithe maidir le luach saothair a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22).
- (4) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) agus Treoirlíne (AE) 2024/2616 (BCE/2024/20) ón 1 Nollaig 2024, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Chinnidh seo ón dáta céanna, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2024 maidir le luach saothair taiscí beartais neamhairgeadaíochta arna sealbhú le bainc cheannais náisiúnta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) (IO L 2024/1209, 3.5.2024). <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj>.

⁽²⁾ Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna agus lena n-aisghairtear Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84, ELI: <http://data.europa.eu/eli/guideline/2022/912/oj>).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2022/911 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Aibreán 2022 lena nglactar rialacha cur chun feidhme maidir le cosaint sonraí ag an mBanc Ceannais Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh BCE/2007/7 (BCE/2022/22) (IO L 163, 17.6.2022, lch.1, : <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/911/oj>).

⁽⁴⁾ Treoirlíne (AE) 2024/2616 ón mBanc Ceannais Eorpach an 30 Iúil 2024 lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna (BCE/2022/8) (BCE/2024/20) (IO L, 2024/2616, 4.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/guideline/2024/2616/oj>).

*Airteagal 1***Leasú**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12 d'Iarscríbhinn I de Chinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22):

'Article 12

Remuneration of Accounts

1. MCAs, DCAs and sub-accounts shall be remunerated at the rate set out in Article 2(3), point (b), of Decision (EU) 2024/1209 of the European Central Bank (ECB/2024/11) (*).
2. Overnight balances held on a TIPS AS technical account or on an RTGS AS technical account for AS settlement procedure D, and guarantee funds held by EEA financial market infrastructures, including those held on an AS guarantee fund account, shall be remunerated at the rate set out in Article 2(3), point (c), of Decision (EU) 2024/1209 (ECB/2024/11).

(*) Decision (EU) 2024/1209 of the European Central Bank of 16 April 2024¹⁶ April 2024 on the remuneration of non-monetary policy deposits held with national central banks and the European Central Bank (ECB/2024/11) (OJ L, 2024/1209, 3.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj>).

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 1 Nollaig 2024.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 29 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE